Socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Meán Fómhair 2022

Cohórt Scoláirí 2020 - 2023 (scoláirí sa tríú bliain in 2022/2023)

Cuireadh isteach ar thréimhsí foghlama na scoláirí in 2020 agus in 2021 mar gheall gur dúnadh scoileanna chun srian a chur le paindéim COVID-19. In ainneoin iarrachtaí móra na múinteoirí agus na scoileanna chun tionchar na scolaíochta trína chéile a mhaolú, fuair scoláirí taithí éagsúil ar an bhfoghlaim. Sa chomhthéacs seo, i gcás an chohóirt scoláirí atá sa tríú bliain faoi láthair, tá feidhm ag na socruithe measúnaithe seo a leanas le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe:

- Sna himthosca eisceachtúla atá tar éis eascairt as tionchar phaindéim Covid-19 ar theagasc agus ar fhoghlaim, ní mór do gach scoláire ar a laghad Measúnú Rangbhunaithe amháin a chur i gcrích i ngach ábhar agus ar a laghad Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngach gearrchúrsa. Ní bheidh Tascanna Measúnaithe le déanamh ag scoláirí ón gcohórt sin.
- Is faoi bhainistíocht na scoile, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na múinteoirí ábhartha (agus nuair is féidir é, plé leis na scoláirí), a bheidh sé cinneadh a dhéanamh cibé Measúnú Rangbhunaithe amháin nó dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh i ngach ábhar. Déanfar na cinntí sin i bhfianaise cúrsaí mar atá siad de dheasca phaindéim COVID-19 agus an tionchar a bhí aici sin ar scoláirí agus scoileanna, ar rud é a bheidh difriúil i ngach scoil agus is é lucht na scoile is fearr atá in ann na cinntí sin a dhéanamh ina leith
- Mar sin féin, beidh roinnt eisceachtaí ag baint leis na roghanna a dhéanfaidh na scoileanna:
    - chun a chinntiú go ndéanfar measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal, ní mór do na scoláirí Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid ó Bhéal sna Nuatheangacha Iasachta a chomhlánú mar aon le Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach sa Ghaeilge.
    - toisc go bhfuil siad ceangailte i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do na scoláirí atá i mbun staidéir ar Amharc-ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaicí agus Teicneolaíocht Adhmaid Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh.

Cé gur freagairt iad na socruithe seo le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe ar dhúshlán ar leith, tá sé mar aidhm acu freisin féinriar scoile a spreagadh; cinntí teagaisc agus foghlama a rinneadh ar leibhéal na scoile a aithint; agus a chinntiú, a oiread is féidir, gur féidir Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnaigh an scoláire in 2021/2022 a aithint agus tuairisciú a dhéanamh orthu. Tabhair faoi deara go bhfuil an dáta deiridh le haghaidh chur i gcrích MRB1 i ngach ábhar seachas Gaeilge, i mí na

Bealtaine 2022, caite anois. I gcás na Gaeilge, cuirtear na Measúnuithe Rangbhunaithe i gcrích le linn an tríú bliain.

Dátaí tábhachtacha don Mheasúnú Rangbhunaithe

Tá an t-achar ama inar féidir le scoileanna na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a sceidealú leagtha amach thíos. Ba cheart na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích sa tréimhse a shanntar (m.sh. 3 seachtaine, 4 seachtaine) mar atá sonraithe sna Treoirlínte Measúnaithe maidir le gach ábhar. Ba cheart cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a reáchtáil tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Féadfar dátaí tábhachtacha le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe a athrú nuair is gá, toisc cúinsí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i scoileanna mar gheall ar COVID-19.

Cohórt Scoláirí 2020–2023 (scoláirí 3ú bliain in 2022/2023)

Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid[1] (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, an 7ú Deireadh Fómhair 2022
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, an 14ú Deireadh Fómhair 2022
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, an 21ú Deireadh Fómhair 2022

Measúnú Rangbhunaithe 2 san Amharc-ealaín (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, an 18ú Samhain 2022
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, an 25ú Samhain 2022
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, an 2ú Nollaig 2022

[1] Eiseofar treoir nó cáipéis tionscadail ábhartha d'ábhair a bhaineann le teicneolaíochtaí láithreach i ndiaidh an dáta a chuirfear MRB2 i gcrích.

Measúnú Rangbhunaithe 1 sa Ghaeilge (roghnach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, an 2ú Nollaig 2022
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, an 9ú Nollaig 2022
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, an 16ú Nollaig 2022

Measúnú Rangbhunaithe 2 i nGaeilge, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, an 10ú Márta 2023
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Luain, an 20ú Márta 2023
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, an 24ú Márta 2023

Measúnú Rangbhunaithe 2 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Nuatheangacha Iasachta, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht, Léann Clasaiceach, Oideachas Reiligiúin, Staidéar Giúdach (roghnach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Déardaoin, an 16ú Márta 2023
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, an 24ú Márta 2023
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dá hAoine, an 31ú Márta 2023

Cohórt Scoláirí 2021 – 2024 (scoláirí dara bliain in 2022/2023)

Fanann socruithe le haghaidh an chohóirt sin fós mar atá leagtha amach sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015).

Measúnú Rangbhunaithe 1 i ngach ábhar, ach amháin sa Ghaeilge[2]

Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích	Dé Luain, an 7ú Samhain 2022 – Dé hAoine, an 12ú Bealtaine 2023
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Céadaoin, an 17ú Bealtaine 2023
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé Céadaoin, an 24ú Bealtaine 2023

Nótaí maidir le: Measúnuithe Rangbhunaithe sa scoilbhliain 2022/2023

[2] Déanann scoláirí Measúnuithe Rangbhunaithe 1 agus 2 sa Ghaeilge le linn a dtríú bliain sa tsraith shóisearach.

Déanann na scoláirí Measúnuithe Rangbhunaithe le tacaíocht agus treoir óna múinteoirí. Tá faisnéis mhionsonraithe faoi na formáidí, faoi na topaicí agus faoin tréimhse ama chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnú i ngach ábhar agus gearrchúrsa sna Treoirlínte ábhartha don Mheasúnú Rangbhunaithe, ar fáil ar https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/?lang=ga-ie Cé gur ceapadh Measúnuithe Rangbhunaithe le bheith ar siúl faoi threoir an mhúinteora i gcomhthéacs an tseomra ranga, tá de sholúbthacht ag scoileanna sa scoilbhliain 2022 – 2023, i bhfianaise cúinsí athraitheacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, tacú leis an scoláire chun Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh ar scoil agus/nó go cianda.

Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Cé is moite de thosca a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, déanann an scoláire Measúnuithe Rangbhunaithe le linn am ranga, den chuid is mó, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir.
- Is féidir éascú a dhéanamh do scoláirí nach féidir leo freastal ar scoil mar gheall ar chúinsí a éiríonn as COVID-19 chun go mbeidh siad in ann taighde a dhéanamh ar a mheasúnú rangbhunaithe, é a chruthú agus é a chríochnú go cianda, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir.
- Toisc gur cuid lárnach den tasc cumarsáide sa Ghaeilge (Measúnú Rangbhunaithe 2) agus sa chumarsáid ó bhéal sna Nuatheangacha Iasachta (Measúnú Rangbhunaithe 1) í an idirghníomhaíocht idir an múinteoir agus an scoláire, lena n-áirítear comhrá agus freagraí ar cheisteanna gan script, ba cheart don scoláire idirghníomhú leis an múinteoir agus an Measúnú Rangbhunaithe sin á chur i gcrích.
- San Amharc-ealaín, de ghnáth ní mór Measúnú Rangbhunaithe amháin a chur i láthair in 3T. Tarscaoiltear an riachtanas sin i gcás scoláirí sa tríú bliain in 2022/23.
- Sa ghearrchúrsa Corpoideachais, caithfidh scoláirí tríú bliain in 2022/23 íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin a chur i gcrích.
- Sa Staidéar Gnó, i gcás scoláirí sa dara bliain in 2022/2023, is tionscadal grúpa é MRB1 mar atá leagtha amach sna treoirlínte ábhartha measúnaithe. Nuair is gá, i gcomhréir leis an gcomhairle sláinte phoiblí ag an am nó de bharr cúinsí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, is féidir go gceadófaí do scoláirí tuarascáil aonair a chur i gcrích le haghaidh a MRB1 de réir an naisc thuas.